C/2025/2723

8.5.2025

Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi

(Cás M.11262 – FRAMATOME / NAVAL GROUP / JEUMONT ELECTRIC)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/2723)

An 22 Nollaig 2023, chinn an Coimisiún gan cur i gcoinne an chomhchruinnithe thuas ar tugadh fógra faoi agus a dhearbhú go bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Tá an cinneadh sin bunaithe ar Airteagal 6(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]). Is i bhFraincis amháin atá an cinneadh ar fáil agus déanfar é a phoibliú ach a mbeidh aon rún gnó a d'fhéadfadh a bheith ann a bainte as. Beidh sé ar fáil:

— i roinn na gcumasc ar an suíomh gréasáin faoin 'mBeartas iomaíochta' atá ag an gCoimisiún (https://competition-cases.ec.europa.eu/search). Cuireann an suíomh gréasáin sin saoráidí éagsúla ar fáil chun cuidiú cinntí aonair cumaisc a aimsiú trí úsáid ainm na cuideachta, cásuimhreacha, dátaí agus earnálacha gníomhaíochta,

— i bhfoirm leictreonach ar shuíomh gréasáin EUR-Lex (http://eur-lex.europa.eu/homepage.html?locale=en) faoin uimhir dhoiciméid 32023M11262. Is é EUR-Lex an tairseach ar líne chuig dlí an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.